An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin ar Cháipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

Nollaig 2022

# An Clár Ábhar


Réamhrá ... 3
Cuid a hAon: An Próiseas Comhairliúcháin ... 4
  Cur chuige modheolaíoch ... 4
  Freagraí comhairliúcháin ... 5
Cuid a Dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán ... 6
  Scóip agus struchtúr na sonraíochta ... 6
    Eolaíocht aeráide agus litearthacht aeráide ... 7
    Forbairt inbhuanaithe ... 8
    Fócas ar ghníomhú ... 9
    Cur chuige idirdhisciplíneach ... 9
    Ó áitiúil go domhanda ... 10
    Bunchúiseanna agus smaointeoireacht faoin todhchaí ... 10
  Foghlaim laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ... 11
  Guth an scoláire agus gníomhú ... 12
  Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim ... 13
  Measúnú ... 15
  Réimsí eile plé ... 16
    Cé chomh mór agus a fáiltíodh roimh an ábhar ... 16
    Na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hábhar a dhíríonn ar GAFI ... 17
    An timpeallacht foghlama ... 18
Cuid a Trí: Príomhthorthaí d'fhorbairt ábhair ... 19
Conclúid agus na chéad chéimeanna eile ... 20
Tagairtí ... 21
Aguisín A ... 22

# Réamhrá

Chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta (AT GAFI) mar ghné níos leithne d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí, foilsíodh Cáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt ar an ábhar nua seo. D'fhaomh an Chomhairle le haghaidh comhairliúcháin an Cháipéis Eolais seo ar an 16 Meitheamh 2022 agus bhí an comhairliúchán poiblí ar bun ó 5 Meán Fómhair go 28 Deireadh Fómhair 2022.

Tugtar léargas sa Cháipéis Eolais ar an gcomhthéacs reatha ina bhfuil forbairt AT GAFI ar bun agus déantar comhthéacs stairiúil agus staid reatha Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI[1]) a fhiosrú ann mar choincheap agus réimse foghlama a bhaineann go díreach leis an ábhar seo, lena n-áirítear an réimse de ghníomhú ar son na haeráide. Cuirtear forléargas i láthair maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe san áit a bhfuil siad comhtháite faoi láthair i gcuraclam na hÉireann. Féachann an páipéar ar roinnt dlínsí idirnáisiúnta chun na réimsí foghlama a fhiosrú faoin mbealach a múintear agus a meastar na réimsí foghlama seo. Meastar na himpleachtaí d'orduithe beartais éagsúla agus tionscnaimh náisiúnta i bhfianaise roinnt deiseanna agus dúshlán a bhíonn roimh fhorbairt ábhar nua amhail Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, roimh threoir mholta a leagan amach d'fhorbairt na sonraíochta.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin don Cháipéis Eolais ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach ar mhaithe le heolas a dhéanamh d'obair na Meithle Forbartha maidir le curaclam GAFI na hArdteistiméireachta a fhorbairt.

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus tugtar achoimre ansin ar an aiseolas a fuarthas, agus fiosraítear príomhthorthaí an chomhairliúcháin d'obair na meithle forbartha agus iad ag déanamh dul chun cinn sa phlé maidir le sonraíocht d'ábhar nua GAFI AT.

---

[1] Cumasaíonn OFI foghlaimeoirí le heolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus bearta freagracha a ghlacadh le haghaidh sláine chomhshaoil, inmharthanacht gheilleagrach agus sochaí chóir a chumasaíonn gach duine, sna glúnta reatha agus i nglúnta amach anseo, fad is a léirítear meas ar éagsúlacht chultúrtha. Is próiseas foghlama ar feadh an tsaoil é OFI agus tá sé mar dhlúthchuid den oideachas ardchaighdeáin a fheabhsaíonn gnéithe cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha agus iompair foghlama. Tá sé iomlánaíoch agus athraitheach agus cuimsíonn sé ábhar agus torthaí foghlama, oideolaíocht agus an timpeallacht foghlama í féin (aistrithe go Gaeilge). (EOECNA, 2021, in DE, 2022, lch.6)

# Cuid a hAon: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhphrionsabal de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna eile oideachais, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022).
Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde CNCM (2019) mar bhunús leis.

## Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist sa chomhairliúchán don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le forbairt GAFI na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne
- Fócasghrúpaí ar mhaithe le tuiscint a fháil ar dhearcthaí scoláirí, lena n-áirítear rannpháirtíocht le daoine a d'fhág an scoil le déanaí.

Baineadh úsáid as cur chuige féinshamplála don suirbhé ar líne, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne. Lorgaíodh trí ghlaoch oscailte do gach scoil léirithe spéise chun tacú le gné ghuth an scoláire an chomhairliúcháin agus roghnaíodh go randamach ó liosta iarrthóirí na scoileanna a bhí páirteach. Bailíodh dearcthaí scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú bliana trí na fócasghrúpaí freisin. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú na sonraí ó shampla ionadaíoch mór freagróirí, agus chuir imeachtaí aghaidh ar aghaidh deis ar fáil do phlé agus fiosrú níos cuimsithí maidir le ceisteanna a raibh machnamh le déanamh orthu.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile faoi 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúcháin mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán (Aguisín A).

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí a rinneadh de réir na gceisteanna le cuimhneamh orthu faoi mar a leagadh amach sa Cháipéis Eolais. Chabhraigh sé seo an téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil sa chéad chuid eile den tuarascáil seo.

## Freagraí comhairliúcháin

Rinneadh ceithre fhócasghrúpa go réigiúnach i mBaile Átha Cliath (2), Corcaigh (1) agus Gaillimh (1). Ghlac 26 rannpháirtí páirt sna ceithre fhócasghrúpa.

Fuarthas 72 freagra tríd an suirbhé ar líne agus rinneadh iad seo a chur sna grúpaí seo a leanas:

**Tábla 1: Déimeagrafaic na bhfreagróirí[2]**

| Ag freagairt mar: | Líon |
|---|---|
| Múinteoir iar-bhunscoile | 31 |
| Múinteoir réamhsheirbhíse | 3 |
| Scoláire dara leibhéal | 4 |
| Mac léinn tríú leibhéal | 4 |
| Tuismitheoir/caomhnóir | 4 |
| Oideoir múinteoirí | 5 |
| Oideoir / taighdeoir tríú leibhéal | 22 |
| Eile | 14 |

I measc na bhfreagróirí 'eile', bhí:

- Ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)
- Comhairleoirí agus baill na n-údarás áitiúil
- Ionadaithe ó chomhlachtaí gairme
- Cleachtóirí i réimsí an oideachais fhorbartha (OF) agus oideachas na saoránachta domhanda (OSD).

Thacaigh ceithre scoil le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán agus rinneadh 8 bhfócasghrúpa sna scoileanna – grúpa amháin sóisearach (ina raibh meascán de scoláirí na chéad, dara agus tríú bliain) agus grúpa amháin sinsearach (ina raibh meascán de scoláirí idirbhliana, an cúigiú agus an séú bliain) i ngach ceann de na scoileanna. Ghlac 40 scoláire san iomlán páirt i ngné ghuth an scoláire dara leibhéal den chomhairliúchán. Fuarthas dearcthaí cúigear rannpháirtithe trí rannpháirteachas breise le daoine a d'fhág an scoil le déanaí.

Fuarthas 42 aighneacht scríofa ó pháirtithe leasmhara, ó dhaoine aonair san oideachas dara agus tríú leibhéal, agus ón earnáil ENR, chomh maith le haighneachtaí uathu siúd a liostaítear in Aguisín A.

[2] *D'fhreagair roinnt freagróirí ó pheirspictíochtaí éagsúla, m.sh., tuismitheoir/caomhnóir agus oideoir múinteoirí, mar sin, tá neamhréir idir líon iomlán na bhfreagraí (72) agus líon na bhfreagraí ar an gceist, 'Táim ag freagairt mar' (87).

# Cuid a Dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán ar shaincheisteanna a fhiosrú a bhfuil machnamh le déanamh orthu de réir na Cáipéise Eolais (lgh 21-26), is é sin:

- Scóip agus struchtúr na sonraíochta
- Foghlaim laistigh agus lasmuigh den seomra ranga
- Guth agus gníomhú an scoláire
- Oideolaíochtaí chun tacú leis an bhfoghlaim
- Measúnú.


Léirítear réimsí eile nár glacadh comhairle maidir leo ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt an ábhair sa chuid seo den tuarascáil freisin.

## Scóip agus struchtúr na sonraíochta

Léiríonn an Cháipéis Eolais an fhéidearthacht atá ann ábhar nua a shainmhíniú a sheasann leis féin ach a bhaineann le, a nascann le agus a chuireann le hábhair eile agus réimsí foghlama sa churaclam. Ag an am céanna, aithnítear sa Cháipéis Eolais an gá soiléireacht agus teorainneacha faoin méid atá san áireamh agus an méid nach bhfuil agus an gá le dúbláil neamhoiriúnach ó ábhair eile agus róphlódú curaclaim nach bhfuil gá leis a sheachaint. Bealach amháin le cabhrú leis seo ná soiléireacht réasúnaíocht agus cuspóir an ábhair seo a chinntiú, agus mar sin, bhain cuid den chomhairliúchán le tuairimí rannpháirtithe maidir leis an gcuspóir a shamhlaíonn siad le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta a fhiosrú, chomh maith lena dtuairimí a fháil faoi na rudaí a d'fhéadfadh an t-ábhar seo a dhéanamh éagsúil leis na hábhair eile sa churaclam, agus an chaoi a bhféadfaidh é a leagan amach. Tháinig roinnt téamaí chun solais le linn an chomhairliúcháin maidir leis an scóip agus struchtúr, atá comhtháite le smaointe d'aon ghnó.

Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh teagasc agus foghlaim in GAFI na hArdteistiméireachta scoláirí a chumasú i raon réimsí, faoi mar a léirítear i bhFíor 1 thíos.

**Fíor 1: Freagraí ar an gceist suirbhé: Cén méid, dar leat, ba cheart an teagasc agus foghlaim san ábhar seo na nithe seo a leanas, ó thaobh ceisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta de, a éascú?**




Faoi mar a léiríonn na sonraí, aontaíodh go láidir gur cheart go mbeadh deiseanna ag scoláirí éiginnteacht a bhainistiú agus a láimhseáil, dul i ngleic le ceisteanna 'fíorshaoil', gníomhú i dtreo todhchaí inbhuanaithe, smaoineamh go háitiúil agus go domhanda, agus plé le ceisteanna an chirt dhomhanda. Léirigh an t-aiseolas ó shampla mór ionadaíoch rannpháirtithe an chomhairliúcháin gur glacadh leis na smaointe seo.

## Eolaíocht aeráide agus litearthacht aeráide

Ba mholtaí maidir le scóip an ábhair ar fáiltíodh rompu iad eolaíocht aeráide agus litearthacht aeráide. Moladh gur cheart don GAFI AT deiseanna a chur ar fáil chun bunús láidir eolais a fhorbairt trí lionsa na heolaíochtaí comhshaoil maidir le cúiseanna an athruithe aeráide agus deiseanna don athrú i gcomhthéacs na hÉireann agus taobh amuigh di. Ba cheart do scoláirí plé le sonraí, fíricí eolaíochta, prionsabail, agus samhlacha le tuiscint a fháil ar an athrú aeráide agus ar an tionchar a imríonn sé, m.sh., patrúin aimsire a athrú, tuilte, triomach, agus scriosadh gnáthóg.

Moladh raon réimsí a fhéadann comhthéacs feiliúnach a chur ar fáil maidir le foghlaim faoin athrú aeráide agus faoina thionchair, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, córais talún agus aigéin, talmhaíocht, mearfhaisean, iompar, gluaiseacht dhaonna, agus uisce. Rinneadh roinnt moltaí freisin go mbainfeadh scoláirí tairbhe as foghlaim faoi ghairmeacha ábhartha i réimse GAFI. Luadh i roinnt aiseolais go ndéantar nuashonrú rialta ar eolaíocht aeráide agus go mbeadh sé tábhachtach nach dtéann an t-ábhar as dáta agus go mbeifear in ann forbairtí amach anseo a thabhairt isteach. Fáiltíodh roimh eolas maidir le maolú agus oiriúnú an athruithe aeráide, agus luadh gur cheart go ndéanfaí seo a ailíniú le heolas maidir le caillteanas, damáiste, agus fiach aeráide de réir mar a aistríonn comhráite domhanda ón maolú agus oiriúnú amháin.

De réir mar a leanann cuir chuige, teicneolaíochtaí, agus saineolas nua maidir leis an inbhuanaitheacht orthu ag teacht chun cinn, féadfaidh sé a bheith cabhrach gné 'litearthachta inbhuanaitheachta' a thabhairt isteach san ábhar, rud a chuirfidh le tuiscint scoláirí ar théarmaíocht nua agus a shoiléireoidh béarlagair a fhéadfaidh teacht chun cinn. Luadh nach gá go mbeadh dearcthaí ar son an chomhshaoil nó athruithe in iompar mar thoradh ar níos mó eolais aeráide agus litearthachta aeráide amháin. Is gá freisin go dtuigfidh scoláirí an chaoi a n-idirghníomhaíonn córais, go ndéanfaidh siad cinntí maidir leis na bearta is cuí do chás faoi leith comhshaoil, agus go bhfeicfidh siad tairbhe nó tionchar is féidir a thomhas ó na bearta a rinneadh.

## Forbairt inbhuanaithe

Léirigh an t-aiseolas dearcthaí éagsúla ar choincheap na forbartha inbhuanaithe (FI) agus an gá le cothromaíocht idir FI agus gníomhú ar son na haeráide san ábhar. Bhí dearcthaí éagsúla ann maidir le céard atá i gceist le colúin, nó gnéithe, FI. Luadh go minic gnéithe comhshaoil agus eacnamaíocha FI, ach bhí dearcthaí éagsúla ann maidir le gnéithe cultúrtha, polaitiúla, agus sóisialta a chur san áireamh. Dúirt roinnt daoine go mbaineann machnamh a dhéanamh ar ghnéithe síceolaíochta, iompraíochta, agus sóisialta go sonrach le tuiscint a fháil ar ghníomhú ar son na haeráide. Luadh an tábhacht a bhaineann le féachaint ar an méid a bhíonn i bpáirt ag na gnéithe éagsúla, ó thaobh naisc na scoláirí leis an dúlra, a dtuisceana ar chórais nádúrtha, agus béime ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht freisin.

Cuireadh roinnt tuairimí in iúl maidir le coincheap FI. Mar shampla, agus an cúrsa curtha díobh, níor cheart go gcreidfeadh scoláirí gur réiteach gach fadhb shóisialta é fás eacnamaíoch leanúnach. Ba cheart go rachaidís i ngleic go criticiúil le coincheap na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear gnéithe ceannasacha ar nós na heacnamaíochta, agus go smaoineoidís ar shamhlacha eile (m.sh. an geilleagar ciorclach, geilleagair folláine, bithgheilleagar) do thodhchaí inbhuanaithe, chomh maith le smaoineamh go criticiúil maidir lena bhfuil i gceist le todhchaí inbhuanaithe. Trí seo a dhéanamh, d'fhéadfadh scoláirí a gcuid tuisceana féin a fhorbairt maidir le forbairt inbhuanaithe agus cinntí a dhéanamh maidir lena bhfuil ag teastáil le déanamh go maith ar dhomhan a mbaineann teorainneacha pláinéadacha leis.

Bhí dearcthaí contrártha ar áit na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) laistigh de GAFI na hArdteistiméireachta. Chreid roinnt freagróirí go bhféadfaí an t-ábhar a bhunú timpeall na SFIanna, rud a chuirfeadh leis an leanúnachas beartais do FI. Rinne freagróirí eile an argóint go gcuirfeadh spriocanna dáta leis an tsonraíocht agus, ag cuimhneamh taobh amuigh de *OFI 2030*, gur cheart dúinn díriú ar na pleananna agus tionscnaimh a leanfaidh na SFIanna. Dúradh i moltaí eile, agus b'fhéidir gur rogha eile atá ann seachas an t-ábhar a leagan amach de réir SFIanna, gur cheart spás a chruthú do scoláirí le critíc a dhéanamh ar na spriocanna, machnamh a dhéanamh

orthu, agus cuimhneamh ar cén chaoi le dul i ngleic leo i gcomhthéacs réimse níos leithne téamaí agus coincheapa FI. Moladh go leor coincheapa le linn an chomhairliúcháin freisin a bhféadfaí a bheith feiliúnach do scoláirí plé leo, lena n-áirítear cathracha agus pobail inbhuanaithe, teicneolaíochtaí glasa, an timpeallacht mhuirí, an timpeallacht thógtha, uisce glan, an geilleagar, slándáil bhia agus bainistíocht acmhainní nádúrtha.

## Fócas ar ghníomhú

*'Caithfidh an t-ábhar an gníomhú a spreagadh – caithfidh gluaiseacht, rannpháirtíocht, forbairt agus/nó cumasú athraithe sa timpeallacht scoile agus sa phobal a bheith i gceist leis (Páirtí leasmhar, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge).*

Léiríodh i roinnt tuairimí go mbeadh an bhéim ar ghníomhú ina gné uathúil den ábhar, agus go ligfeadh sé do scoláirí scileanna a fhorbairt le plé le héiginnteacht agus castacht na hinbhuanaitheachta agus dúshlán aeráide agus go mbeadh sé ina leigheas ar an éicea-imní a fhéadann daoine óga a bhrath. Má bhíonn scoláirí níos feasaí maidir lenar féidir leo a dhéanamh mar dhaoine aonair a chuireann leis an gcomhghníomhú ina gcuid scoileanna, pobal áitiúil agus lasmuigh de sin, is féidir le luach a bheith i gceist le freagraí a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, agus beidh athrú dearfach agus dul i ngleic le mothúcháin na heaspa cumhachta agus a bheith trína chéile mar thoradh air sin.

Cé gur fáiltíodh roimh bhéim ar ghníomhú, luadh an gá le hionchais réadúla maidir leis an méid is féidir a bhaint amach maidir le gníomhú an scoláire i gcomhthéacs na dteorainneacha ama (180 uair an chloig d'am ranga), agus gnéithe eile a bhaineann le comhthéacs amhail ceantar. Mar bharr air sin, dúirt freagróirí nár cheart gannmheas a dhéanamh ar luach agus tionchar gníomhartha beaga ó thaobh difríocht a dhéanamh do shaolta na scoláirí agus daoine eile. Luaigh na scoláirí féin go leor cineálacha gníomhartha praiticiúla a mbainfidís taitneamh astu mar chuid den ábhar seo, lena n-áirítear tionscadail ghairneoireachta, uaschúrsáil, turais allamuigh, cás-staidéir, feasacht a ardú agus an fhoghlaim a chur ar aghaidh chuig a gcuid piaraí. D'aithin siad mar dheis luachmhar an gníomhú le forbairt a dhéanamh ar a gcuid smaointeoireachta ionas gur féidir leo dul amach sa domhan agus cinntí inbhuanaithe a dhéanamh.

## Cur chuige idirdhisciplíneach

Aontaíodh go láidir le linn an chomhairliúcháin gur cheart go mbeadh cur chuige idirdhisciplíneach i gceist leis an ábhar, agus gur cheart go mbeadh scoláirí ag comhtháthú agus ag forbairt ar eolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí ó raon réimsí chun dul i ngleic le dúshláin chasta:

*'Ceapaim gur cheart don ábhar nascadh le hábhair eile – an pholaitíocht, an gnó, an mhoráltacht ... ba cheart dó a bheith idirdhisciplíneach. Beagáinín de gach rud ach ar bhealach a ligean duit dul isteach níos doimhne' (Scoláire, fócasghrúpa, aistrithe go Gaeilge).*

Luadh go raibh raon disciplíní ábhartha ó thaobh fhorbairt GAFI na hArdteistiméireachta, i réimsí amhail eolaíocht, gnó, na healaíona, síceolaíocht, stair, teicneolaíocht, agus tíreolaíocht. Luaigh go leor daoine an tuairim gur

*'trí naisc shoiléire tras-churaclaim a chruthú, chruthódh sé seo deis do chur chuige scoile uile i leith an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) agus 'ceannach isteach' ó pháirtithe leasmhara' (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Aighneacht scríofa, Aistrithe go Gaeilge).*

Mar sin féin, cé gur fháiltigh go leor daoine roimh an tsaincheist ábhar idirdhisciplíneach amhail GAFI a bheith ann, luaigh daoine eile gur gá a bheith cúramach, agus gur gá go mbeadh idirdhealú soiléir idir GAFI agus ábhair eile. Luadh imní maidir le hábhar a dhíríonn ar an réimse seo ba mhinice i measc aighneachtaí ó oideoirí Tíreolaíochta (féach 'Réimsí eile plé').

## Ó áitiúil go domhanda

Léirigh go leor rannpháirtithe an tuairim gur cheart don ghníomhú áitiúil nascadh leis an smaointeoireacht dhomhanda. Go minic, thagair scoláirí dó seo mar nascadh 'leis an scéal iomlán', gníomhartha a dhéanamh, agus féachaint an chaoi a mbíonn tionchair dhomhanda acu. Chomh maith leis sin, luadh an nasc idir an duine aonair, pobail níos leithne, agus comhfhreagracht. Léiríonn an t-aiseolas gur cheart do GAFI na hArdteistiméireachta ligean do scoláirí critíc a dhéanamh ar chóras a bhfuil an duine aonair mar chuid de agus ina mbaineann sé/sí tairbhe díréireach as córais chaipitlíocha a chuireann leis an athrú aeráide. Rinneadh roinnt moltaí gurb é an túsphointe is fearr le nascadh leis an scéal ar fad ná trí eispéiris shuibiachtúla saoil na scoláirí, agus feasacht maidir le comhthéacs sóisialta agus tuiscint ar struchtúir chumhachta ina sochaí a fhorbairt chomh maith le feasacht atá ag fás maidir le saolta daoine eile go háitiúil agus go domhanda. Ar an gcaoi seo, d'fhéadfadh GAFI AT a bheith ina uirlis thábhachtach maidir leis an gcomhbhá, cuimhneamh ar pheirspictíochtaí éagsúla, 'eiliú' a laghdú, agus scoláirí a chumasú mar shaoránaigh dhomhanda agus phláinéadacha a chur chun cinn.

## Bunchúiseanna agus smaointeoireacht faoin todhchaí

*'Ba cheart do scoláirí an cúrsa a fhágáil agus tuiscint a bheith acu nach ceist theicniúil amháin é an t-athrú aeráide; tá sé i bhfad níos tábhachtaí gur ceist pholaitiúil agus cumhachta, dáileacháin agus gutha é' (Coalition 2030, aighneacht scríofa, aistrithe go Gaeilge).*

Luadh i roinnt aighneachtaí scríofa agus freagraí suirbhé go mbeadh sé tábhachtach go ndéanfaí bunchúiseanna an neamhionannais agus na héagóra a fhiosrú in GAFI na hArdteistiméireachta, le cinntiú go bhfuil bonn eolas faoi ghníomh ar bith a dhéanann scoláirí. Trí fhócas ar ghnéithe stairiúla, sóisialta agus cultúrtha an athraithe aeráide, tuigeann scoláirí na córais agus luachanna trínar tharla an t-athrú aeráide. Ba chóir scoláirí a chumasú

*'ní le féachaint ar an mbochtanas nó athrú aeráide ach leis na naisc agus caidrimh chúise agus éifeachta eatarthu a thuiscint' (Business in the Community Ireland, aighneacht scríofa, aistrithe go Gaeilge).*

Ar a bharr sin, moladh tuiscint ar fhorbairtí beartais thar am. Ba cheart go gcumasódh anailís stairiúil scoláirí le dul i ngleic le hábhair cheannródaíocha, amhail Tuairisc Brundtland, ionas go dtuigeann siad an chaoi ar tháinig creata idirnáisiúnta, ar nós SFIanna, ar an bhfód. Braitheadh gur cheart go mbeadh smaointeoireacht ar an todhchaí laistigh de scóip an ábhair freisin. Ba cheart go mbeadh an spás ag scoláirí athrú radacach córasach agus sóisialta agus bealaí eile inar féidir an

tsochaí a eagrú a shamhlú, agus machnamh a dhéanamh ar na céimeanna a theastaíonn leis seo a bhaint amach.

## Foghlaim laistigh agus lasmuigh den seomra ranga

Léiríonn an t-aiseolas gur cheart do scoileanna a phléann le GAFI AT tógáil ar agus leas a bhaint as an saineolas agus acmhainní atá ar fáil cheana féin, a d'fhorbair gníomhaireachtaí lasmuigh den oideachas foirmiúil. Trí chomhoibriú a dhéanamh le cláir sheanbhunaithe, acmhainní agus tionscnaimh a chuireann OFI, oideachas saoránachta domhanda (OSD), éicea-litearthacht agus gníomhú faoi stiúir daoine óga chun cinn, i measc rudaí eile, is féidir le scoileanna go leor eolais agus taithí a thabhairt isteach a bhainfeadh le foghlaim scoláirí agus le hacmhainn múinteoirí a thógáil fiú. Luadh le linn an chomhairliúcháin go mbeadh sé tairbheach rochtain a fháil ar shaineolaithe sa réimse agus dúirt go leor scoláirí go dtaitníonn sé leo foghlaim ó shaineolaithe taobh amuigh dá gcuid múinteoirí. Lorgaíodh freisin go bhfeabhsófaí eispéireas an tseomra ranga trí 'chuir chuige sheachfhoirmiúla a thabhairt isteach i dtimpeallachtaí foirmiúla' (ECO-EOECNA, aighneacht scríofa). Dúradh go ndéanann go leor daoine óga iad féin bainteach sa ghníomhú ar son na haeráide cheana féin, agus uaireanta nach mbíonn siad feasach ar dheiseanna breise maidir le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ábhartha taobh amuigh den scoil. D'fhéadfadh níos mó comhoibrithe idir earnálacha foirmiúla agus seachfhoirmiúla feasacht a ardú.

Dúirt roinnt freagróirí go bhféadfadh deiseanna iontacha a bheith ann don chomhoibriú mar ghné lárnach de GAFI AT. Tríd an teicneolaíocht agus modhanna eile, d'fhéadfadh scoláirí comhoibriú le scoileanna ina gceantar, ar fud na hÉireann, agus ar fud an domhain. Tá deiseanna ann a bheith páirteach le pobail áitiúla, agus léirigh scoláirí go bhfuil fonn láidir orthu dul amach agus foghlaim faoin gcaoi a gcuirtear an inbhuanaitheacht chun cinn i ndomhan an ghnó, na heolaíochta, agus na talmhaíochta, mar shampla.

Rinneadh roinnt pointí rabhaidh le linn an chomhairliúcháin maidir le saineolas a fháil ón earnáil sheachfhoirmiúil. Ar an gcéad dul síos, bheadh ar aon chláir, tionscnaimh, nó acmhainní seachtracha a bhainfeadh leis an ábhar nua a bheith ailínithe go soiléir le torthaí foghlama na sonraíochta. Ar an dara dul síos, is féidir le spéis i agus roghnú clár, tionscnamh agus acmhainní seachtracha athrú ó scoil go scoil agus in amanna féadann sé brath ar spéis agus ar ghealltanas deonach múinteoirí agus na bainistíochta scoile. Má bhraitear an iomarca ar rannpháirtíocht leis an earnáil sheachfhoirmiúil, féadfaidh éagothroime a bheith i gceist. Chomh maith leis sin, thug roinnt freagróirí rabhadh maidir le baol rannpháirtíochta éadoimhne le gníomhaireachtaí seachtracha, de bhrí gur cheart go mbeadh tionscadail fhadtéarmacha maidir le hathrú a bhfuil tionchar fiúntach, bunús láidir eolais, agus cruinneas acadúil i gceist leo mar chuid d'eispéiris an ábhair. Faoi dheireadh, luaigh roinnt scoláirí imní faoi rud éigin a bhféadfaidís a bheith páirteach ann go deonach taobh amuigh den scoil (m.sh., gníomhú ar son na haeráide faoi stiúir daoine óga) a thabhairt isteach in ábhar scoile. Bhraith siad go raibh taitneamh agus mealladh ann a mheall iad le hobair dheonach a dhéanamh agus a bheith páirteach taobh amuigh den scoil, agus gur cheart do GAFI AT cur leis seo seachas é seo a laghdú.

## Guth an scoláire agus gníomhú

*'Ba bhreá liom dá múinfí dúinn cén chaoi lenár nguthanna a úsáid i gcásanna áirithe, labhraíonn muid i gcónaí faoin bhfód a sheasamh agus ár nguthanna a úsáid maidir le bulaíocht, agus ní labhraíonn muid faoi seo riamh ar bhealach a bhaineann leis an athrú aeráide. Múineadh don ghlúin níos óige cén chaoi le labhairt amach, plé leis an scéal iomlán agus le hathrú a dhéanamh i ndáiríre' (Scoláire, fócasghrúpa, aistrithe go Gaeilge).*

Fáiltíodh go háirithe sa chomhairliúcháin roimh an mbéim ar ghuth agus gníomhú an scoláire a leagadh amach sa Cháipéis Eolais. Luadh roinnt freagróirí gur ceart atá i nguth an scoláire: ba cheart do GAFI AT spás sábháilte agus deiseanna ionchuimsitheacha a chruthú do na scoláirí a nguthanna a fhorbairt agus a neartú, tuairimí a chur in iúl, éisteacht a fháil ón lucht éisteachta cuí, agus tionchar a bheith acu. Bhraith freagróirí eile gur bealach le cumhacht a cheistiú é guth; seachas 'guth a bheith tugtha' dóibh, ba cheart go mbeadh deiseanna ag scoláirí plé a dhéanamh ar chumhacht sa chinnteoireacht agus baint uaidh seo go háitiúil, go réigiúnach agus go domhanda chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndearnadh imeallú córasach ar roinnt féiniúlachtaí. Ina dhiaidh seo, luadh an tábhacht a bhaineann le roinnt guthanna a chur san áireamh, lena n-áirítear na guthanna ar chuir an ghéarchéim aeráide ina dtost. Ba cheart don ábhar seo plé leis an gcaoi ar féidir le scoláirí cabhrú le daoine eile a nguthanna a ardú. Braitheadh go bhfuil ról an mhúinteora lárnach anseo:

*'tá úinéireacht an phróisis go fóill leis na rannpháirtithe, éascaíonn oideoirí an plé, seachas a bheith ansin le heolas a thabhairt' (aighneacht scríofa, aistrithe go Gaeilge).*

Meastar gur gné ríthábhachtach de GAFI AT é gníomhú fiúntach mar fhreagra ar ghuthanna scoláirí.

*'Is iad daoine óga príomhrannpháirtithe i ngníomhú ar son na haeráide agus i bhforbairt inbhuanaithe, agus is féidir leo, agus is gá dóibh, a bheith ag ceann an tslua i sochaí atá ag athrú. Fáiltíonn muid roimh fhorbairtí ó ghníomhú scoláirí le roinnt blianta anuas agus le heolas san ábhar seo atá ar chaighdeán maith, iontaofa, agus a bhfuil machnamh déanta air, tá an cumas aige na hargóintí cruinne agus córa a thabhairt do dhaoine óga le hathrú a dhéanamh. D'fhéadfadh gnéithe a bheith san ábhar maidir leis an gcaoi le hargóintí maith eolaíochta a dhéanamh, modhanna maithe cumarsáide eolaíochta, agus dul i ngleic leis an gcás domhanda.' (Institute of Geologists of Ireland, freagra suirbhé, aistrithe go Gaeilge).*

Ba cheart don ábhar seo, trí chuir chuige scoláire-láraithe, na scileanna is gá le gníomhú agus taithí a fháil ar chinnteoireacht a fhorbairt, agus cumas na scoláirí a mhéadú thar am le comhoibriú lena bpiaraí maidir le bearta atá roghnaithe acu. I measc an aiseolais a fuarthas bhí roinnt modhanna trínar féidir le scoláirí tabhairt faoi ghníomhú fiúntach agus éisteacht a fháil ar a nguthanna. Mar shampla, d'fhéadfaidís dul i mbun comhairle le lucht déanta cinntí agus beartas, taispeántais tionscadal a óstáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do thuismitheoirí agus do bhaill an phobail, obair go díreach le heagraíochtaí le hinbhuanaitheacht scoile a ardú agus plé le gnólachtaí/tionscail le foghlaim ó bhunfhoinsí maidir leis an gcaoi a leabaíonn siad cleachtais inbhuanaithe.

Luadh i roinnt aighneachtaí an luach a shamhlaíonn scoláirí a bheith le réitigh a chur ar fáil ar cheisteanna comhshaoil go háitiúil agus go domhanda, rud a chabhraíonn le himní a d'fhéadfadh a bheith orthu faoinár dtodhchaí a shárú. Ba leis na scoláirí féin tuiscint níos fearr a bheith acu ar na córais a imríonn tionchar ar a saolta agus ar na roghanna a dhéanamh maidir le ceisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta. Chomh maith le gníomhú, moladh gur cheart do scoláirí tógáil ar eolas maidir le gnéithe de ghníomhú éifeachtach trí staidéar a dhéanamh ar ghluaiseachtaí sóisialta sa stair agus na laethanta seo, fiosrú a dhéanamh ar thimthriallacha athruithe sóisialta thar na glúnta, machnamh a dhéanamh ar bhaic ar rannpháirtíocht, scileanna cumarsáide agus éascaithe a fhorbairt, páirt a ghlacadh i dtaighde, tabhairt faoi obair abhcóideachta, agus a bheith páirteach i ngníomhú faoi stiúir daoine óga. Measann scoláirí luach a bheith i gceist leis an deis a bheith ina gceannaire do dhaoine eile trína gcuid gníomhartha:

*'Cé a deir nach bhféadfadh Éire bealach nua le bheith inbhuanaithe a chruthú? Fiú mura bhfuil i gceist ach céimeanna beaga a ghlacadh, d'fhéadfaimis paisean a spreagadh i ndaoine agus i dtíortha eile ... ar nós sraith dhearfach tarluithe' (Scoláire, fócasghrúpa, aistrithe go Gaeilge).*

Luadh san aiseolas go bhfuil gá le cultúr láidir dearfach i leith na haeráide i bpobal uile na scoile ionas gur féidir le scoláirí a bheith éifeachtach in úsáid a nguthanna agus i ngníomhú.

## Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim

Agus iad nasctha leis na tuairimí maidir le guth agus gníomhú an scoláire, roinneadh réimse léargas ar na cineálacha oideolaíochtaí a chumasódh scoláirí le dul i ngleic go fiúntach le GAFI AT.

*'In 20 bliain beidh cónaí ormsa agus ar ár múinteoirí i ndomhan inbhuanaithe ina mbraithim sábháilte ... agus muidne ag foghlaim, tá siadsan ag foghlaim freisin. Tagaimis le chéile chun é a oibriú amach le chéile' (Rannpháirtí fócasghrúpa na scoláirí, aistrithe go Gaeilge)*

Chuir scoláirí fonn in iúl spás a bheith sa seomra ranga GAFI le hobair ar shaincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta lena gcuid múinteoirí. Tagraíodh roinnt uaireanta le linn an chomhairliúcháin do sheomra ranga daonlathach ina stiúrann scoláirí agus ina n-éascaíonn múinteoirí. Braitheadh gur dea-shamplaí den mhéid a d'fhéadfadh tarlú in GAFI AT é scoláirí agus múinteoirí ag obair agus ag foghlaim le chéile, agus b'fhéidir ag comhdhearadh na foghlama fiú. Moladh réimse cur chuige oideolaíochta a bheadh fabhrach don chineál seo timpeallachta, lena n-áirítear plé agus díospóireacht, an cleachtas machnamhach, dúshláin dhearadhbhunaithe, réiteach fadhbanna agus teacht ar réitigh, i measc rudaí eile. Dúirt roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh bealaí smaointeoireachta ó na healaíona agus léirithe trí ealaín cabhrú le scoláirí dul i ngleic le ceisteanna casta. Luadh go minic sa chomhairliúchán an gá le heolas a bhainistiú freisin. Ós rud é go bhfuil an ghéarchéim aeráide leabaithe i saincheisteanna na cumhachta agus na polaitíochta, ba cheart do GAFI AT scoláirí a chumasú scileanna taighde a fhorbairt, lena n-áirítear an cumas na teachtaireachtaí atá á bhfáil acu go laethúil a cheistiú, tacú leo teacht ar eolas cruinn agus iontaofa, eolas míchruinn agus bréageolas a aithint, agus an difríocht idir fíoriarrachtaí inbhuanaitheachta agus snas glas a thabhairt faoi deara.

Theastaigh ó na scoláirí obair lena gcuid gcomhscoláirí ar ábhair a roghnaigh siad féin agus a bhí tábhachtach dá saolta féin. Bhraith siad gur fhoinse luachmhar a bhí ina gcuid piaraí; de réir mar a oibríonn scoláirí le chéile forbraíonn siad scileanna comhoibrithe, spreagann siad a chéile le rudaí nua a thriail, athraíonn siad a n-iompraíochtaí, agus thiocfadh go '*bhfeicfidís tionchar á imirt*' ar scoláirí eile ina rang agus taobh amuigh den rang. Ag cuimhneamh ar chaidrimh taobh amuigh den seomra ranga, ba mhaith le scoláirí an méid atá ar eolas acu a chur ar aghaidh agus d'fháilteodh siad roimh dheiseanna a gcuid foghlama a roinnt le scoláirí níos óige agus le baill a bpobal níos leithne.


*'Ba cheart don tsamhlaíocht a bheith lárnach- ba cheart go dtacófaí le scoláirí domhan níos fearr a dteastaíonn uathu dul in aois ann a shamhlú. Ba cheart go mbeadh sé seo ina eispéireas sona, taitneamhach agus cruthaitheach- agus ní éadóchasach agus gruama agus imníoch amháin. Más féidir leo é a thabhairt chun saoil ina samhlaíocht, is mó seans go mbainfeadh siad amach é' (Creativity & Change @ Crawford College of Art and Design, MTU, freagra suirbhé, aistrithe go Gaeilge)*

Ba théamaí athfhillteacha iad an éicea-imní agus oideolaíochtaí an dóchais sa chomhairliúchán seo síos tríd. Luadh go raibh gá le hoideolaíocht an dóchais fhiúntaigh - áit ina bpléann scoláirí le ceisteanna go hoibiachtúil, agus nach mothaíonn siad in ísle brí ná gur féidir le gníomhaíochtaí scoile dúshláin choimpléascacha a réiteach nár éirigh le ceannairí agus rialtais dhomhanda leo go dtí seo. Luadh an dúshlán a bhaineann leis an gcothromaíocht sin a bhaint amach idir a bheith macánta gan faitíos a chur roimh scoláirí, chomh maith leis an ngá le bheith réadúil maidir lenar féidir le scoláirí a bhaint amach mar chuid den ábhar. Arís, braitheadh gur bealach i dtreo an chumasaithe; an rud a thaitníonn leo a dhéanamh, nascadh le daoine eile agus le hathrú sóisialta, é an nasc idir gníomhartha dírithe faoi stiúir scoláirí. Luadh i roinnt aiseolais gur cheart uirlisí le déileáil a mhúineadh do na scoláirí, rud a chabhródh leo an scoil a fhágáil agus léaró dóchais acu don todhchaí, d'ainneoin bhaol eisiach an athraithe aeráide. Mar bharr air sin, d'fhéadfadh an tsonraíocht breathnú ar an gcaoi ar féidir le scileanna éagsúla le plé le cúrsaí an tsaoil, a bhfuil mothúcháin amhail an dóchas nó an imní mar bhonn leo, níos mó nó lú iompraíochtaí ar son na timpeallachta ó thaobh scoláirí agus daoine eile de a bheith mar thoradh orthu. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh an t-ábhar deiseanna suntasacha a chur ar fáil maidir le tacú le folláine scoláirí agus na sochaí.

## Measúnú

D'fháiltigh freagróirí an cheistneora roimh réimse smaointe maidir le measúnú obair chúrsa, faoi mar a leagtar amach i bhFíor 2 thíos.

**Fíor 2 – freagraí ceistneora ar an gceist *Ba cheart go bhfaigheadh an scoláire deiseanna trí mheasúnuithe obair chúrsa chun:***




Sa chomhairliúchán tríd síos, braitheadh gur cheart do mheasúnú díriú ar scoláirí i mbun gníomhaithe, ag tógáil ar dheiseanna smaoineamh go córasach, a ról agus ról an phobail maidir le teacht ar réitigh ar 'dheacrachtaí uafásacha' a léiriú. Moladh freisin measúnú i bhfoirm machnaimh phearsanta agus moladh réimse smaointe i dtaca leis seo, ar nós blag, iontrálacha dialainne, comhráite le piaraí agus scrúduithe cainte.

Rinneadh roinnt moltaí go bhféadfadh an measúnú a bheith ar bun thar thréimhse fhaidréiseach, trí roinnt tionscadal, agus b'fhéidir cruthú punainne atá cosúil lena ndéantar faoi láthair i nGairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Trí rannpháirtíocht fhadtéarmach le hobair thionscadail, mhol roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí clár maidir le forbairt scileanna agus ardú feasachta a fhorbairt. D'fhéadfadh GAFI AT a bheith nuálach ó thaobh an chaoi a mbailítear agus a roinntear fianaise den fhoghlaim. I measc na samplaí a luadh bhí: léiriú ealaíonta a chruthú, seó inbhuanaithe faisin, iontrálacha dialainne, agus físeáin. Rinneadh moltaí freisin go ndéanfaí scoláirí critíc ar ghníomhú daoine eile chomh maith le gníomhú a dhéanamh iad féin. D'fhéadfaidís breathnú go criticiúil ar réitigh reatha aeráide a moladh go háitiúil agus taobh amuigh den cheantar áitiúil, critíc a dhéanamh ar na moltaí, agus teacht aníos lena gcuid smaointe féin. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann fiú nascadh le agus foghlaim ó chleachtais nuálacha ar fud an domhain, m.sh., laghdú ar bhaol tubaiste i réigiún Muir Chairib.
Luadh go bhféadfaí scoláirí a chur ar an eolas faoi mhiondifríochtaí na ndúshlán aeráide agus inbhuanaitheachta agus cuimhneamh orthu ó réimse peirspictíochtaí, lena n-áirítear an chaoi a n-imríonn siad tionchar orthu go pearsanta, ar na roghanna gairme a bheidh acu amach anseo, ar

shaolta daoine eile, agus mar sin de. Ba mhaith le scoláirí réimse roghanna a fheiceáil ó thaobh na hoibre cúrsa de, ó thionscadail taighde agus rannpháirtíocht le cás-staidéir go tionscadail ghníomhaíochta sa scoil agus go háitiúil, taithí oibre, agus obair dheonach. Bhí a bhfonn foghlaim faoina réimsí spéise agus tionchar feiceálach a gcuid foghlama in GAFI a fheiceáil coitianta i measc mholtaí na scoláirí.

Cuireadh roinnt tuairimí in iúl maidir le tráthúlacht agus minicíocht na hoibre cúrsa. Ar mhaithe le deis a chur ar fáil d'fhianaise de thógáil scileanna agus gníomhú thar thréimhse ama, dúirt roinnt freagróirí go mbeadh sé tairbheach cuid den obair chúrsa a chur i gcrích le linn na chéad bhliana staidéir. Bhraith freagróirí eile go mbeadh sé tábhachtach an rómheasúnú a sheachaint agus a bheith cúramach leis an méid gníomhaíochta cúrsa. Chun athdhéanamh agus marbhántacht sna cineálacha obair chúrsa a dhéantar thar am a sheachaint, moladh go dtabharfaí réimsí roghnacha fócais gach cúpla bliain a bhainfeadh le stad reatha an domhain.

## Réimsí eile plé

Cé nár ceistíodh go díreach maidir le réimsí eile plé, tháinig ceisteanna eile a bhfuil impleachtaí i gceist leo d'fhorbairt GAFI AT chun cinn le linn an chomhairliúcháin.

### Cé chomh mór agus a fáiltíodh roimh an ábhar

*'Fáiltíonn muid roimh an ábhar molta Ardteistiméireachta mar phríomhchéim i dtreo cumas gníomhaithe, tiomantas agus dóchas a chothú sna glúnta níos óige' (Psychological Society of Ireland's Special Interest Group in Addressing Climate and Environmental Emergency, aighneacht scríofa, aistrithe go Gaeilge).*

*'Tá an t-ábhar an-riachtanach don domhan ina bhfuil cónaí orainn. Caithfidh sé a bheith fíor mar táimid ag dul tríd inár saolta faoi láthair. Beidh scoláirí ann a imeoidh agus a dhéanfaidh rudaí iontacha san ábhar seo agus a dhéanfaidh difríocht mhór sa domhan. Thaitneodh an t-ábhar seo go mór liom dá mbeadh sé ina rogha!' (Scoláire, fócasghrúpa, aistrithe go Gaeilge).*

D'fháiltigh líon mór páirtithe leasmhara, scoláirí go háirithe, le hábhar sa réimse seo a thabhairt isteach. Cé gur bhraith roinnt páirtithe leasmhara go bhféadfadh imeacht nach gá ó chur chuige OFI tras-churaclaim atá in úsáid anseo agus in áiteanna eile a bheith i gceist le hábhar tiomnaithe, bhraith páirtithe leasmhara eile gur dheis é d'Éirinn a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh curaclaim de. Fáiltíodh freisin roimh an mbéim ar ghníomhú ar son na haeráide seachas ar athrú aeráide. Dúirt roinnt rannpháirtithe go gcabhródh GAFI AT na bearnaí idir réimsí na foghlama inbhuanaitheachta a dtugann scoláirí fúthu ina n-ábhair sa tsraith shóisearach a dhruidim. Ag breathnú níos faide ná an iar-bhunscoil, léirigh daoine eile an fhéidearthacht atá ann do scoláirí leanúint ar aghaidh go breisoideachas sa réimse seo, agus luadh na buntáistí a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar GAFI AT do bhealaí smaointeoireachta agus gníomhaithe na scoláirí, chomh maith lena gcumas maireachtáil sa domhan seo.

Cé gur fáiltíodh go mór leis an ábhar, bhí roinnt ceisteanna agus imní ann freisin. Bhí tuairimí measctha ann maidir le cé a bheadh oiriúnach an t-ábhar seo a mhúineadh, ó thaobh cáilíochtaí agus taithí de. Dúirt roinnt rannpháirtithe go mbeadh múinteoirí Tíreolaíochta feiliúnach chun an t-ábhar a mhúineadh, mar gheall ar an mbéim a leagtar ina n-ábhar féin ar fhoghlaim

idirdhisciplíneach maidir leis an domhan daonna, fisiceach agus sóisialta. É sin ráite, le linn an chomhairliúcháin léirigh múinteoirí ó réimsí disciplíní a bhain leis na heolaíochtaí nádúrtha, na healaíona agus eile spéis agus spreagadh GAFI AT a mhúineadh. Luadh freisin ceist forbartha gairmiúla múinteoirí agus tugadh aiseolas go mbeadh gá le clár cuimsitheach forbartha gairmiúla agus acmhainní tacaíochta chun múinteoirí a chumasú le dul i ngleic leis an ábhar.

## Na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hábhar a dhíríonn ar GAFI

Luadh roinnt imní maidir le forbairt an ábhair go ginearálta, agus, i bhfianaise na ndisciplíní atá ann cheana féin, a chuspóir. Luadh:

> *'Cuireann gach réimse disciplíneach [sa churaclam] eolas, scileanna agus peirspictíochtaí tábhachtacha ar fáil a theastaíonn le ceisteanna casta amhail an t-athrú aeráide a thuiscint, agus le machnamh a dhéanamh ar réitigh fhéideartha. Tá sé ríthábhachtach nach dtógann an t-ábhar GAFI ón gcur chuige trasdisciplíneach i leith OFI atá in úsáid cheana féin' (Ubuntu Network, aighneacht scríofa).*

Luadh go bhfuil an tábhacht a bhaineann le cur an ábhair seo le cur chuige traschuraclaim i leith OFI riachtanach. Níor cheart do GAFI AT léiriú do scoileanna nach mbaineann athrú aeráide agus inbhuanaitheacht le hábhair eile níos mó – ba cheart OFI a chur chun cinn go fóill mar phróiseas fadsaoil agus leathansaoil. Aithníonn an t-aiseolas gur cheart go gcumasódh an t-ábhar seo fiosrú criticiúil ceisteanna nach dtéitear i ngleic leo chomh domhain céanna in ábhair eile.

> *'D'fhéadfadh scoláirí foghlaim faoi ghníomhartha daoine eile, gníomhartha rathúla pobail, agus gluaiseachtaí sóisialta timpeall an domhain sa stair agus i láthair na huaire, mar fhoinse inspioráide agus spreagtha. D'fhéadfadh scoláirí scileanna gníomhaithe a fhoghlaim ionas gur féidir leo iad féin a eagrú, foghlaim faoi dhúshláin agus bhaic roimh ghníomhú ar son na haeráide, agus scileanna praiticiúla a fhorbairt do dhomhan inbhuanaithe.' (Oideoir múinteoirí, freagra ceistneora, aistrithe go Gaeilge).*

> *'...ba cheart don ábhar seo a bheith ina bhuaicphointe agus ina fhiosrú breise domhain agus criticiúil ar an athrú aeráide agus ar cheisteanna a bhaineann leis' (Ubuntu, aighneacht scríofa, aistrithe go Gaeilge).*

Leagadh béim ar imní maidir le hábhar ar GAFI a fhorbairt ó réimse/disciplín na Tíreolaíochta go háirithe agus bhain sé le:

- Éilimh le siollabas reatha Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta a nuashonrú, agus dúradh gur cheart go mbeadh réimse gnéithe GAFI mar chuid de.
- An díleagan béime ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí a shíltear a bheith ann agus éilimh chun ábhar riachtanach a dhéanamh de.
- Cur i bhfeidhm feiliúnach na Tíreolaíochta mar dhisciplín inar féidir foghlaim faoi GAFI thar ábhair/dhisciplíní eile.
- Moltaí go bpléifí le GAFI ó pheirspictíocht disciplín, m.sh., an Tíreolaíocht, agus nach ionann ábhar ar GAFI agus 'disciplín'; d'fhéadfadh, dar le roinnt daoine, lagú breise a bheith i gceist amach anseo ar na disciplíní atá ann cheana féin a bheith mar thoradh ar ábhair a fhorbairt bunaithe ar théamaí nó ar smaointe nua.

Rinneadh éilimh chosúla ó dhisciplíní eile go mbeadh ionadaíocht láidir ag a réimse ábhair in GAFI AT. Leag oideoirí eolaíochta béim ar an ngá le líon ard ábhar eolaíochta san ábhar, agus ar an ngá le comhordú/ailíniú idir an t-ábhar a mhúintear in GAFI agus in ábhair Ardteistiméireachta atá ann cheana féin. Thug daoine eile le fios gur cheart go mbeadh coincheapa a phléitear san Eacnamaíocht Bhaile, An Pholaitíocht agus an tSochaí, agus Staidéar Foirgníochta a bheith lárnach san ábhar.

## An timpeallacht foghlama

Leag an t-aiseolas maidir leis an timpeallacht foghlama béim ar na buntáistí a bhaineann leis an bhfoghlaim allamuigh agus an nasc le nádúr. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar eispéiris phraiticiúla thumtha agus am a chaitheamh sa nádúr agus i mbun gníomhaíochtaí praiticiúla, m.sh., obair le bithéagsúlacht, glanadh trá a dhéanamh ina bhfuil anailís sonraí mar chuid de. Trí thurgnamhaíocht ghníomhach agus breathnóireacht mhachnamhach, d’fhéadfadh scoláirí luachanna a fhorbairt agus nascadh go mothúchánach lena gcuid foghlama, agus d’fhéadfadh athrú in iompraíocht tarlú mar thoradh air sin. Chomh maith leis sin, trí thabhairt faoi fhoghlaim lasmuigh agus áitbhunaithe, téann scoláirí amach sna háiteanna ina gcónaíonn siad mar shaoránaigh ghníomhacha. Luadh roinnt aighneachtaí fianaise go bhfuil athruithe radacacha i scoláirí feicthe i dtíortha eile mar thoradh ar a dtabhairt go háiteanna ar imir an t-athrú aeráide tionchar orthu, chomh maith leis an bpointe a ardú gur féidir béim a leagan ar an luach a leagann muid ar an nádúr tríd an bhfoghlaim a dhéanamh ann.

## Cuid a Trí: Príomhthorthaí d’fhorbairt ábhair

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin, d'ainneoin roinnt cúiseanna imní a luadh, go bhfuil forbairt GAFI AT tráthúil agus go bhfáiltítear roimpi. Aithnítear sa chuid seo den tuarascáil roinnt príomhphointí plé d’fhorbairt an ábhair ag eascairt as an gcomhairliúchán.

### Raon an ábhair

Déanfaidh an Mheitheal Forbartha plé ar scóip na sonraíochta lena chinntiú gur féidir an fhoghlaim a leagtar amach a theagasc agus a mheas laistigh d’íosmhéid 180 uair an chloig. Trína dhéanamh seo, léiríonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán go mbeidh plé le déanamh ar chuspóir GAFI AT mar ábhar agus ar na réimsí foghlama a shíltear a bheith is tábhachtaí agus ábhartha do scoláirí. Beidh orthu a bheith aireach ar na moltaí maidir leis an áitiúil a nascadh leis an domhanda, eolaíocht aeráide, litearthacht aeráide, bunchúiseanna a fhiosrú agus smaointeoireacht na todhchaí, agus gníomhú trí chuir chuige idirdhisciplíneacha. Is gá freisin cothromaíocht dhóthanach a chinntiú idir fairsinge agus doimhne na rannpháirtíochta leis an athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe araon. Beidh tábhacht na hinbhuanaitheachta comhshaoil, chomh maithe le gnéithe eile na forbartha inbhuanaithe, agus na háiteanna ina dtrasnaíonn siad, le fiosrú freisin.

### Cuspóir agus féiniúlacht

Léiríonn tuairimí na n-oideoirí ó pheirspictíocht disciplín ábhair, go háirithe i gcás na Tíreolaíochta, an dúshlán a bhaineann le hábhar nua a thabhairt isteach i spás ina bhfuil cleachtais sheanbhunaithe ann cheana féin. Caithfear a chinntiú go bhfuil a fhéiniúlacht féin ag GAFI AT, agus nach dtéitear salach ar dhisciplíní eile, ach ag an am céanna go dtógtar ar réimse eolais agus scileanna thar dhisciplíní le cabhrú le scoláirí dul i ngleic le ceisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta. Agus an tsonraíocht á forbairt, déanfaidh an Mheitheal Forbartha plé ar dheiseanna d’fhiosrú criticiúil an athraithe aeráide agus ceisteanna ábhartha, agus béim ar fhoghlaim faoi, agus trí, ghníomhú.

### Torthaí foghlama, cuir chuige oideolaíochta agus tacaíochtaí

Agus an Mheitheal Forbartha ag obair ar na torthaí foghlama agus na cuir chuige i leith an teagaisc, na foghlama, agus an mheasúnaithe i gcás GAFI AT, déanfaidh siad machnamh ar roinnt gnéithe. Breathnóidh siad ar dheiseanna le haghaidh forbairt scileanna, lena n-áirítear smaointeoireacht córas agus smaointeoireacht chriticiúil. Fiosrófar freisin an gaol idir scála na ndúshlán domhanda, sláinte mhothúchánach agus gníomhú, spás do chomhráite, agus na buntáistí a bhaineann le nascadh le nádúr trí eispéireas an ábhair. Déanfar plé ar eispéiris phraiticiúla a chumasaíonn scoláirí a nguth a úsáid, an éicea-imní a laghdú, agus coincheap an dóchais do thodhchaí inbhuanaithe a dhéanamh lárnach. Tá réimse leathan gníomhaithe agus tionscnamh i spás ghníomhú ar son na haeráide a chuireann go suntasach le foghlaim OFI a bhaineann le hábhar faoi leith agus foghlaim thras-churaclaim i scoileanna. De réir mar a leanann an Mheitheal Forbartha ag forbairt shonraíocht GAFI AT, déanfaidh siad seo agus na hacmhainní atá ar fáil do scoileanna san earnáil sheachfhoirmiúil ónar féidir foghlaim agus is féidir a úsáid á n-aithint acu.

### Féidearthacht dara gné mheasúnaithe

Cruthaíonn measúnú ar obair chúrsa féidearthacht shuntasach don ábhar. Beidh ar an Meitheal Forbartha plé a dhéanamh ar raon réimsí féideartha don mheasúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna agus amanna éagsúla measúnaithe ar mhaithe le gné bhailí, iontaofa, agus chothrom a fhorbairt a thacaíonn le scoláirí i dtaca le réimse scileanna a fhorbairt agus a léiriú.

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an comhairliúchán maidir le Cáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt GAFI na hArdteistiméireachta plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Léirigh caighdeán na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán rannpháirtíocht shuntasach leis an gCáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt GAFI na hArdteistiméireachta agus léiríonn na tuairimí stuama agus machnamhacha an spéis agus an tacaíocht shuntasach atá ann maidir le GAFI na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach mar ábhar nua sa tsraith shinsearach.

Ba mhaith leis an CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna fócasghrúpaí, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá an CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile a d'éascaigh múinteoirí ó thaobh páirt a ghlacadh in imeachtaí fócasghrúpaí agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí a léiríodh sa tuarascáil treoir agus stiúir don Mheitheal Forbartha a tugadh le chéile le déanaí le tabhairt faoi shonraíocht nua a fhorbairt do GAFI na hArdteistiméireachta. Leanfaidh an Mheitheal Forbartha seo lena cuid oibre, a bheidh na torthaí a leagadh amach sa tuarascáil seo mar bhonn léi, agus síltear go mbeidh dréachtsonraíocht churaclaim ar fáil do chomhairliúchán poiblí sa tríú ráithe de 2023.

# Tagairtí

Government of Ireland, Department of Education (2022) 2nd National Strategy on Education for Sustainable Development - ESD to 2030 available https://www.gov.ie/en/publication/8c8bb-esd-to-2030-second-national-strategy-on-education-for-sustainable-development/ [accessed 20th October 2022]

National Council for Curriculum and Assessment (2022a) Senior Cycle Advisory Report available https://ncca.ie/en/resources/senior-cycle-review-advisory-report/ [accessed 4 November 2022]

National Council for Curriculum and Assessment (2022b) Strategic Plan 2022-2025 available https://ncca.ie/media/5515/strategic-plan-2022-2025.pdf [accessed 2 November 2022]

National Council for Curriculum and Assessment (2022c) Background paper and brief for the development of Leaving Certificate Climate Action and Sustainable Development available https://ncca.ie/media/5640/background-paper-for-lc-casd_0622.pdf [accessed 20th October 2022].

National Council for Curriculum and Assessment (2020) Data Protection Policy https://ncca.ie/media/4630/ncca-data-protection-policy.pdf [accessed 3 November 2022]

National Council for Curriculum and Assessment (2019) Research Strategy available https://ncca.ie/en/publications-and-research/research-strategy/ [accessed 4 November 2022]

# Aguisín A

Mar chuid den chomhairliúchán don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le GAFI na hArdteistiméireachta, theastaigh ó na heagraíochtaí seo a leanas go n-aithneofaí iad i gcomhthéacs eagraíochta a d'fhreagair an suirbhé ar líne:

- Association of Teachers of Home Economics (ATHE)
- Burrenbeo Trust
- Creativity & Change @ Crawford College of Art and Design, MTU
- Dublin Zoo
- ECO-UNESCO
- Future Focus 21c EDU
- Green Foundation Ireland
- Institute of Geologists of Ireland
- Members of the SEAI teacher panel
- School of Planning UCD, School of Architecture, Planning and Environmental Policy UCD
- Scoil Ruain
- Self Help Africa
- The National Water Forum - An Fóram Uisce
- Trócaire
- World Vision Ireland

Le linn an chomhairliúcháin, theastaigh ó na daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí seo go n-aithneofaí go ndearna siad aighneacht scríofa:

- Airfield Estate
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Business in the Community Ireland
- Coalition 2030
- Des Gillmor
- Dr Martin Sokol, Associate Professor in Geography, Trinity College Dublin
- Dr Peter E. Childs
- Dr Ruth McManus
- Dr. Sasha Brown
- Dr. Trish Morgan
- Eugene Farrell, Geography, University of Galway
- Frank Bredin, Wesley College
- Geographical Society of Ireland
- Geography and Geosciences Committee of the Royal Irish Academy
- Geological Survey Ireland
- Gwen Duffy
- Irish Development Education Association (IDEA)
- Irish Planning Institute
- Irish Science Teachers' Association
- James Hammersley
- Junior Cert Climate Action Short Course
- Junior Cycle for Teachers
- Maeve McGandy
- Patrick Barrett, Bioeconomy Implementation Group, Department of Agriculture, Food and the Marine
- Postgraduate and Early Career Network of the Geographical Society of Ireland
- Professor Frances Fahy
- Professor Patrick Paul Walsh, UCD School of Politics and International Relations & UCD Earth Institute; Vivienne Fitzpatrick, UCD MSc Sustainable Development student 2022/2023
- Rachel McArdle
- SEAI Education and Youth Programme
- Shelagh Waddington
- Sian Cowman, Maynooth University
- Ubuntu Network
- Worldwise Global Schools
- UNESCO Chair, Munster Technological University

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment